Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Teicneolaíocht Fheidhmeach

## EFG 2023/2024

CC BY NC

# Seo í an Fhoireann – Teicneolaíocht Fheidhmeach

Oide



**Barry Nolan**
Ceannaire Sinsearach





**Seán Kehoe**
Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil



**Fergal Murphy**
Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Is seirbhís tacaíochta nua í Oide do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, a mhaoiníonn an Roinn Oideachais.

Seoladh í an 1ú Meán Fómhair, 2023.



Bunaíodh í trí chomhtháthú ceithre sheirbhís tacaíochta a bhí ann cheana:

- An Lárionad um Cheannaireacht Scoile (LCS)
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM)
- An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM)
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

# Comhpháirtithe

An Roinn Oideachais
Department of Education

www.education.ie

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

www.ncca.ie

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

www.examinations.ie

Oide

www.oide.ie

# Faisnéis an Phríomhláithreáin Ghréasáin / ar Líne

Oide

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie

www.oide.ie

@Oide_PP_Tech4

E: info@oide.ie





## Oide Mailing List

# Acmhainní chun cabhrú leis an EFG seo


Oide
Leabhrán Foghlaim Ghairmiúil na
**Teicneolaíochta Feidhmí**
2023-2024


Leabhrán Foghlaim Ghairmiúil



Gníomhaíochtaí agus Plé Grúpa



Eispéiris Foghlama Phraiticiúla



Teistiméireachtaí Múinteoirí

# Tóg sos agus déan machnamh ....

Machnamh ar Aiseolas...

Cén bonn eolais a chuir sé seo faoi dhearadh cheardlann FGL an lae inniu?

Cad é atá nua i dTeicneolaíocht Fheidhmeach?

# EFG 2022/2023 – Bhur n-aiseolas

Dearadh Tionscadail/Taisc

Gné Phraiticiúil


Comhoibriú gairmiúil

Pleanáil agus Oideolaíocht


Doiciméadú agus gníomhú ar an bhfoghlaim

Tacaíocht bhreise le rialú leictrea-mheicniúil

# Téamaí an lae inniu



**Cleachtas Athraitheach**



**Fócas ar an bhFoghlaim**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Teicneolaíocht Fheidhmeach

## EFG 2023/2024

## Seisiún 1

CC BY NC

# Sa seisiún seo, beidh muid...

Breithnímis conas a bhíonn ár gcleachtas ag síorathrú agus muid ag cur i bhfeidhm shonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí

Fiosraímis cén chuma atá ar chur chuige scoláire-lárnach i ndearadh eispéiris foghlama

Oide

# Gníomhaíocht ‘Chur in Aithne’




Applied Technology
Professional Learning Booklet
2023-2024

Pg. 2

- Cuir tú féin in aithne do chomhghleacaithe ag do bhord
- Roinn eispéireas foghlama dearfach amháin a bhí ag do chuid scoláirí i dTeicneolaíocht Fheidhmeach i mbliana

# Plé oscailte



Roinn **eispéireas foghlama dearfach amháin** a bhí ag do scoláirí i dTeicneolaíocht Fheidhmeach i mbliana

# Sonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí a chur i bhfeidhm - An Turas go dtí seo...

**2019/2020**
Seisiún eolais ar Theicneolaíocht Fheidhmeach na Chéad Bhliana

**2020/2021**
Foghlaim trí rannpháirtíocht le torthaí foghlama
Seisiún eolais ar MRB 1

**2021/2022**
Foghlaim trí rannpháirtíocht le torthaí foghlama
Seisiún eolais ar MRB 2 agus ar na Measúnuithe Deiridh

**2022/2023**
Tosaíonn an dara Sraith den Teicneolaíocht Fheidhmeach

**2023/2024**
Foghlaim trí rannpháirtíocht le torthaí foghlama



**Cén chaoi a bhfuil do chleachtas ag athrú go dtí seo?**

# Cén chuma a bhíonn ar Chleachtas Athraitheach?

Oide

Fócas ar an tsonraíocht

Comhoibriú le comhghleacaithe

Foghlaim agus dul chun cinn an scoláire a éascú

Pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú

Machnamh ar Chleachtas

?

Páirt a ghlacadh in FGL

# Ócáid Mhachnamh Pearsanta

Conas is féidir liom mo chleachtas a fhorbairt tuilleadh chun tacú le foghlaim scoláirí?

# Smaoinímis ar an gcur chuige ag Roinn Teicneolaíocht Fheidhmeach



Mike, Andrew and Sarah,
Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar



Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar,
Droichead Átha

# Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar

## Comhthéacs

- Tuairim is 1400 scoláire ar an scoil
- Roinn Mhór Teicneolaíocht Fheidhmeach - 5 múinteoirí
- Múinteoirí nua agus múinteoirí a bhfuil taithí acu




Mike, Andrew agus Sarah, Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar

Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar

# Ár gCleachtas a Fhorbairt

In implementing the new subject specification,
how is your practice evolving to support student learning?




Pg. 3

Agus an tsonraíocht ábhair á chur i bhfeidhm, cén chaoi a mbíonn bhur gcleachtas ag síorathrú chun cabhrú le foghlaim scoláirí?

# Aiseolas & Plé Grúpa






Agus an tsonraíocht ábhair á cur i bhfeidhm, cén chaoi a mbíonn bhur gcleachtas ag síorathrú chun cabhrú le foghlaim scoláirí?

Oide

# Ár gCleachtas a Fhorbairt






Pg. 4





- Trí phointe a thóg tú ón bplé seo
- Dhá ghníomh a dhéanfaidh tú nuair a fhillfidh tú ar do roinn ábhair
- Bealach amháin a thomhaisfidh tú an dul chun cinn atá déanta agat

# Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022

Oide

An Roinn Oideachais
Department of Education




| | |
|---|---|
| Féachann múinteoirí ar chomhoibriú mar mhodh chun foghlaim na scoláirí a fheabhsú agus chun a bhfoghlaim ghairmiúil féin a fheabhsú freisin. Téann siad i mbun cleachtas comhoibríoch cuiditheach. | Féachann múinteoirí ar chomhoibriú mar mhodh chun foghlaim na scoláirí a fheabhsú agus chun a bhfoghlaim ghairmiúil féin a fheabhsú freisin. Glacann siad páirt i gcleachtas comhoibríoch cuiditheach, **agus in athbhreithniú comhoibríoch ar a gcleachtas.** |

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Bíonn meas ag na múinteoirí ar an bhfoghlaim ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt** … | Aithníonn múinteoirí go bhfuil foghlaim ghairmiúil agus comhoibriú mar chuid bhunúsach dá gcuid oibre. | Aithníonn **agus dearbhaíonn** múinteoirí go bhfuil foghlaim ghairmiúil agus comhoibriú mar chuid bhunúsach dá gcuid oibre. |
| | Úsáideann múinteoirí cruinnithe foirmeálta agus am pleanála chun machnamh a dhéanamh le chéile ar a gcuid oibre. | Úsáideann múinteoirí cruinnithe foirmeálta agus am pleanála chun machnamh a dhéanamh le chéile ar a gcuid oibre. |
| | Féachann múinteoirí ar chomhoibriú mar mhodh chun foghlaim na scoláirí a fheabhsú agus chun a bhfoghlaim ghairmiúil féin a fheabhsú freisin. Téann siad i mbun cleachtas comhoibríoch cuiditheach. | Féachann múinteoirí ar chomhoibriú mar mhodh chun foghlaim na scoláirí a fheabhsú agus chun a bhfoghlaim ghairmiúil féin a fheabhsú freisin. Glacann siad páirt i gcleachtas comhoibríoch cuiditheach, **agus in athbhreithniú comhoibríoch ar a gcleachtas.** |
| | Oibríonn múinteoirí chun caidrimh dhearfacha agus mheasúla a choinneáil le comhghleacaithe agus le bainistíocht na scoile ar mhaithe le foghlaim na scoláirí, agus ar mhaithe le folláine na foirne agus na scoláirí. Bíonn múinteoirí aireach ar a bhfolláine féin freisin agus glacann siad freagracht aisti. | Oibríonn múinteoirí **go réamhghníomhach** chun caidrimh dhearfacha agus mheasúla a chothú agus a **fhorbairt tuilleadh** le comhghleacaithe agus le bainistíocht na scoile ar mhaithe le foghlaim na scoláirí, agus ar mhaithe le folláine na foirne agus na scoláirí. Bíonn múinteoirí aireach ar a bhfolláine féin freisin, **tugann siad aire ghníomhach di** agus glacann siad freagracht aisti. |
| | Cuireann múinteoirí cuir chuige scoile uile i bhfeidhm maidir le foghlaim agus teagasc a chuimsíonn úsáid ardáin ar líne agus teicneolaíochtaí digiteacha eile chun eispéiris agus torthaí scoláirí a fheabhsú. | **Comhaontaíonn múinteoirí le chéile** agus cuireann siad cuir chuige scoile uile i bhfeidhm maidir le foghlaim agus teagasc a chuimsíonn úsáid ardáin ar líne agus teicneolaíochtaí digiteacha eile chun eispéiris agus torthaí scoláirí a fheabhsú. |

Oide

Cén chuma dar leat a bhíonn ar chur **chuige scoláire-lárnach** i ndearadh eispéiris foghlama?

# Scoláirí i gCeartlár na Foghlama



# Foghlaim Scoláire-Lárnach – Dearcadh Beirt mhúinteoirí



Aindrias agus Sorcha, Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar



Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha

# Foghlaim Scoláire-Lárnach






Aindrias agus Sorcha, Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar

## Comhthéacs

- Fócas ar an bhFoghlaim sa **Chéad Bhliain**
- Fócas ar **rogha agus úinéireacht** an scoláire
- Seisiún eolais ar **scileanna dearaidh agus déantúsaíochta**

# Foghlaim Scoláire - Lárnach

How is a student-centred approach evident in the design of learning experiences?





Pg. 5

Cén chaoi a bhfuil an cur chuige foghlaim scoláire - lárnach le feiceáil i ndearadh na n-eispéireas foghlama seo?

# Aiseolas & Plé Grúpa






Cén chaoi a bhfuil **cur chuige scoláire-lárnach** le feiceáil i ndearadh na n-eispéireas foghlama seo?

Oide


# Cén chuma atá ar **chur chuige scoláire-lárnach** i ndearadh eispéiris foghlama do do chuid scoláirí?

# Gníomhaíocht Phleanála Aonair




Teagasc:

Ag úsáid do bhileoige gníomhaíochta A3, smaoinigh ar na leideanna thíos




Smaoinigh ar thionscadal/thasc atá ann cheana féin do do chuid scoláirí.
Cén chaoi a bhfuil sé scoláire-lárnach?
Conas a d'fhéadfaí cur chuige scoláire-lárnach a fhorbairt tuilleadh?

# Scoláirí i gCeartlár na Foghlama



# Ag Breathnú ar an Scoil seo Againne 2022

Réir

•




| | | |
|---|---|---|
| Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe a chuireann foghlaim na | Aithnítear intinní foghlama ábhartha in ullmhúchán na múinteoirí a chuirtear i gcomhthéacs do riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais na scoláirí. | Aithnítear intinní foghlama ábhartha in ullmhúchán na múinteoirí a chuirtear i gcomhthéacs do riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais na scoláirí. **Léiríonn intinní foghlama cur chuige forásach agus incriminteach chun foghlaim na scoláirí a chur** |
| | Aithníonn agus ullmhaíonn múinteoirí acmhainní roimh ré, lena n-áirítear acmhainní digiteacha, nuair is cuí, atá oiriúnach d'intinní foghlama sonracha an cheachta nó na sraithe ceachtanna, agus do riachtanais foghlama an ranga. | Aithníonn agus ullmhaíonn múinteoirí acmhainní **go críochnúil** roimh ré, lena n-áirítear acmhainní digiteacha, nuair is cuí, atá **oiriúnaithe d'fhonn teacht le hintinní foghlama sonracha gach ceachta, nó sraith ceachtanna, agus riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais scoláirí aonair.** |
| | Treoraíonn a gcuid eolais ar an gcuraclam agus eolas ar oideolaíocht ullmhúchán na múinteoirí. Cuimsíonn sé ullmhúchán do dhifreáil na n-intinní foghlama agus na ngníomhaíochtaí foghlama, agus tá sé bunaithe ar anailís bhríoch ar shonraí agus ar úsáid sonraí chomh maith le breithiúnas gairmiúil agus cinnteoireacht múinteoirí. | Treoraíonn a gcuid eolais ar an gcuraclam agus eolas ar oideolaíocht ullmhúchán na múinteoirí. Cuimsíonn sé ullmhúchán le haghaidh idirdhealú a dhéanamh ar intinní foghlama agus ar ghníomhaíochtaí foghlama, lena n-áirítear **deiseanna foghlama pearsantaithe**, agus tá sé bunaithe ar anailís bhríoch agus úsáid sonraí chomh maith le breithiúnas gairmiúil agus cinnteoireacht múinteoirí. |


| | |
|---|---|
| Aithnítear intinní foghlama ábhartha in ullmhúchán na múinteoirí a chuirtear i gcomhthéacs do riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais na scoláirí. | Aithnítear intinní foghlama ábhartha in ullmhúchán na múinteoirí a chuirtear i gcomhthéacs do riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais na scoláirí. **Léiríonn intinní foghlama cur chuige forásach agus incriminteach chun foghlaim na scoláirí a chur chun cinn.** |

Oide

# Sa seisiún seo, ...

Bhreathnaigh muid ar an gcaoi a bhfuil **ár gcleachtas ag síorathrú** i gcur i bhfeidhm shonraíochta na Teicneolaíochta Feidhmí

Rinne muid iniúchadh ar an gcuma atá **ar chur chuige scoláire-lárnach** i ndearadh eispéiris foghlama

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# Teicneolaíocht Fheidhmeach

## EFG 2023/2024


## Seisiún 2

CC BY NC

# Téamaí an lae inniu



**Cleachtas Athraitheach**




**Fócas ar an bhFoghlaim**

# Sa seisiún seo, beidh muid...

Fiosraímis cén chuma a bhíonn ar chur chuige scoláire-lárnach i ndearadh eispéiris foghlama

Eispéiris foghlama atá scoláire-lárnach  a dhearadh agus riachtanais na scoláirí i do chomhthéacs a mheas

# Scoláirí i gCeartlár na Foghlama



# Breithnímis an cur chuige ag Roinn Teicneolaíocht Fheidhmeach

Oide




Tom agus James, Scoil Villiers




Scoil Villiers,
Luimneach

VILLIERS SCHOOL
FIDEI COTICULA CRUX

# Scoil Villiers







Tom agus James, Scoil Villiers


## Comhthéacs

- Tuairim ar 600 scoláire ar an scoil
- Roinn Teicneolaíocht Fheidhmeach le beirt Mhúinteoirí
- Fócas ar an bhFoghlaim sa Chéad Bhliain
- Fócas ar rogha agus úinéireacht na scoláirí
- Tuilleadh forbartha ar scileanna smaointeoireacht dearaidh

VILLIERS SCHOOL
FIDEI COTICULA CRUX

# Tacú le Scoláirí atá ag tabhairt faoi Dhearadh




Acmhainn 'Mo Threoir Dhearaidh' a chur in oiriúint





Scoil Villiers, Luimneach

# Foghlaim Scoláire-Lárnach





Scoil Villiers, Luimneach




What is My Lamp Design Guide Resource?

Conas a chabhraíonn Treoir Dhearaidh Mo Lampa leis an bhfoghlaim scoláire-lárnach?


# Teagasc agus Foghlaim Athraitheach




Turas dearaidh an scoláire

Treoir:

1. Ag úsáid do ghléis dhigitigh, oscail Treoir Dhearaidh Mo Lampa.
2. I mbeirteanna, smaoinígí ar an gceist thíos.





**Pg. 6**

https://tinyurl.com/techple2324

**Conas a chabhraíonn Treoir Dhearaidh Mo Lampa leis an bhfoghlaim scoláire-lárnach?**

# Meabhrúchán: Foghlaim scoláire-lárnach




Conas a chabhraíonn Treoir Dearaidh Mo Lampa leis an bhfoghlaim scoláire-lárnach?

# Aiseolas & Plé Grúpa



Cén chaoi a dtacaíonn Treoir Dhearaidh Mo Lampa le foghlaim scoláire-lárnach?

Cad iad na straitéisí eile a d'fhéadfá a úsáid chun tacú le foghlaim scoláirí?



*Comhoibrímis chun eispéiris foghlama phraiticiúla a chruthú a ghníomhaíonn príomhfhoghlaim*

Oide

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Pleanáil do Theicneolaíocht Fheidhmeach

| Snáithe 1: Prionsabail agus cleachtais | Snáithe 2: Fuinneamh agus rialú | Snáithe 3: An teicneolaíocht agus an tsochaí |
| --- | --- | --- |
| Sa snáithe seo, foghlaimeoidh an scoláire faoi na prionsabail agus na cleachtais bhunúsacha a bhaineann le staidéar a | Mar chuid den snáithe seo, fiosraíonn an scoláire foinsí éagsúla fuinnimh a chuireann ar chumas gléasanna tascanna a | Sa snáithe seo, faigheann an scoláire taithí ar an idirghníomhú idir an teicneolaíocht |

Sonraíoc… Theicneo… Fheidhm… Sraithe S…

Briathra G…

**Aithin:** fíricí, saintréithe nó … riachtanach (ábhartha/oiriún… próiseas nó feiniméan a thui… shainaithint **TF 2.3, 3.7**

**Anailísigh:** staidéar nó scrú… go mion, rud a mhiondealú … an bunstruchtúr a nochtadh; … coibhneasa a shainaithint, a… léirmhíniú chun teacht ar …

**Athbhreithnigh:** ag féachai… siar ar ábhar d'fhonn é a che… leasú **TF 1.4**

**Beachtaigh:** mionathruithe … mhaithe le soiléiriú a dhéana…

**Cosain:** cúiseanna bailí nó … thabhairt chun tacú le freagr…

**Cruthaigh:** an topaic atá le … agus foirm a thabhairt di ach… modhanna agus ábhar roghn… nua a thabhairt don ábhar a…

**Cuir chun feidhme:** rud a c… i bhfeidhm go hiomlán **TF 1.**…

**Cuir i bhfeidhm:** faisnéis ag… tuiscint a roghnú agus a úsá… fíorchúinsí a mhíniú **TF 1.7,** …

**Cuir in iúl:** comharthaí amh… comharthaí béil nó comharth… a roinnt nó chun faisnéis a n… idir an seoltóir agus an faigh… le chéile le go mbainfear tuis… amach **TF 1.13, 2.**…

**Dear:** gnéithe de réiteach a … úsáideora deiridh a phleanái…

**Iniúch:** breathnú, staidéar, … a dhéanamh chun fíricí a ch… chonclúidí nua **TF 2.1**

**Fiosraigh:** smaoineamh nó … chun tuilleadh eolais a fháil …

CC BY NC

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

**Próifíl an Scoláire:**

**Réamhfhoghlaim:**

**Fócas ar an Bhfoghlaim:**

**Torthaí Foghlama Roghnaithe:**

**Príomhfhoghlaim:**

Briathra gnímh a úsáid le tacú le do chuid smaointeoireachta.

**Eispéireas foghlama praiticiúla a chur in iúl chun príomhfhoghlaim a ghníomhachtú:**

**Cad iad na hacmhainní a bheadh ag teastáil?**

**Conas a d'fhéadfaí an eochairfhoghlaim a mheasúnú?**



CC BY NC

# Pobalscoil Chorr Dharach




**Comhthéacs**

- Scoil chomhoideachais tuaithe- thart ar 700 scoláire
- Teicneolaíocht Fheidhmeach na Chéad Bhliana- 22 scoláire
- Is é an téama chun an fhoghlaim a dhíriú "Taisteal chun na scoile"



# Téama chun an fhoghlaim a dhíriú:

## Ag taisteal ar scoil




Foinse: Painéal Taighde Amárach, Lúnasa 2023

# Pobalscoil Chorr Dharach





**Réamhfhoghlaim**

- Tá dhá thionscadal curtha i gcrích ag scoláirí le tascanna taighde breise
- Buneolas ar scileanna déantúsaíochta- marcáil amach, druileáil, múnlú, cóimeáil
- Iniúchadh feidhmeanna teicneolaíochta i gcomhthéacs fíorshaoil
- Foghlaim curtha in iúl- sceitseáil, loga foghlama gearr curtha i gcrích

# Fócas ar an bhFoghlaim

- Seisiún eolais ar chórais rialaithe agus scileanna praiticiúla a chur chun cinn





# Torthaí Foghlama Roghnaithe

2.3 prionsabail na gcóras rialaithe **a aithint** agus a réiteach á fhorbairt acu

1.2 fadhbanna a bhaineann le cur chuige córasach **a anailísiú**

1.10 plean ina n-úsáidtear uirlisí, ábhair agus próisis chuí **a chur i bhfeidhm**

3.8 tionchar na dteicneolaíochtaí ar a saol, an tSochaí agus an Comhshaol a **mheas**




# Príomhfhoghlaim

- Ciorcad leictreonach simplí a tharraingt agus a mhonarú
- Smaoineamh ar na gnéithe éagsúla de théama agus faisnéis a bhailiú
- Úsáid cheart uirlisí agus ábhar
- Tuiscint a fháil ar éifeachtaí na teicneolaíochta ar a saol ó lá go lá

# An Fhoghlaim a Léiriú



**Scoil A: Pobalscoil Chorr Dharach**
- Scoil chomhoideachais tuaithe- thart ar 700 scoláire
- Teicneolaíocht Fheidhmeach na Chéad Bhliana- 22 scoláire

**Téama:**
- Ag taisteal ar scoil

**Prior Learning:**
- Tá dhá thionscadal curtha i gcrích ag scoláirí le tascanna taighde breise
- Intreoir ar scileanna déantúsaíochta- marcáil amach, druileáil, múnlú, cóimeáil
- Feidhmeanna teicneolaíochta a imscrúdú i gcomhthéacs an fhíorshaoil
- Foghlaim a chur in iúl- sceitseáil, loga foghlama gearr a chomhlánú

**Fócas ar an bhFoghlaim:**
- Intreoir ar chórais rialaithe agus scileanna praiticiúla a chur chun cinn

**Torthaí Foghlama Roghnaithe:**

2.3 Na prionsabail a bhaineann le córais rialaithe a aithint agus a réiteach á fhorbairt acu

1.2 Anailís a dhéanamh ar fhadhbanna le cur chuige córasach

1.10 Plean a chur i bhfeidhm ag baint úsáid as uirlisí, ábhair agus próisis chuí


3.8 Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag teicneolaíochtaí ar a saol féin, an tsochaí agus an comhshaol

**Príomhfhoghlaim:**
- Ciorcad leictreonach simplí a tharraingt agus a mhonarú
- Smaoineamh ar na gnéithe éagsúla de théama agus faisnéis a bhailiú
- Uirlisí agus ábhar a úsáid mar is ceart
- Tuiscint a fháil ar éifeachtaí na teicneolaíochta ar a ngnáthshaol

Conas a d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar an bpríomhfhoghlaim?


Cad iad na hacmhainní a bheadh ag teastáil?

Eispéireas foghlama praiticiúil a chur in iúl chun príomhfhoghlaim a ghníomhachtú.





Ag baint úsáid as do bhileog ghníomhaíochta A3, cuir eispéireas foghlama praiticiúil in iúl a ligeann do scoláirí taithí a fháil ar an bpríomhfhoghlaim a aithníodh


# Do Smaoineamh Tionscadail a chur in iúl





- Eispéireas praiticiúil foghlama a chur in iúl
- Deiseanna measúnaithe
- Acmhainní

# Gníomhaíocht Mhíreanna Mearaí - Timpeallláin







Eispéiris foghlama phraiticiúla mhalartacha a bhreithniú trí ghníomhaíocht **"Mhíreanna Mearaí"**

Oide

# Gníomhaíocht Mhíreanna Mearaí - Timpeallláin

**Treoracha:**

1. 1. Tabhair uimhir do gach múinteoir ag do bhord, ag tosú le huimhir 1, uimhir 2, srl.


2. 2. Ba chóir go dtiocfadh na múinteoirí uimhir 1 le chéile, múinteoirí uimh. 2 le chéile, srl.

3. 3. Téadh na huimhreacha 1 uile go dtí tábla A, uimh. 2 go dtí tábla B, srl.

4. 4. An duine ó do ghrúpa a d'fhorbair an t-eispéireas foghlama ag do bhord, roinnfidh sé an smaoineamh le do ghrúpa.

5. 5. Tar éis 5 nóiméad, bogann gach grúpa go dtí an chéad tábla eile (treo deiseal) agus déantar céim 4 arís.

# Gníomhaíocht Mhíreanna Mearaí- Timpealláin




# Ócáid Mhachnamh Pearsanta

Roghnaigh smaoineamh tionscadail amháin a mheallfadh do scoláirí.

Conas a d'fhreastalódh an smaoineamh tionscadail seo ar riachtanais na scoláirí i do chomhthéacs?

Cén torthaí foghlama/phríomhfhoghlaim eile a d'fhéadfadh do scoláirí a ghníomhachtú tríd an smaoineamh tionscadail seo?




Pg. 7

# Ócáid Mhachnamh Pearsanta

**Fachtóirí le breithniú:**

- Réamheolas ar do scoláirí
- Torthaí foghlama/príomhfhoghlaim atá beartaithe
- Straitéisí
- Acmhainní
- Measúnú

Oide

# Sa seisiún seo, táimid ...

- Iniúchadh déanta ar an gcuma atá **ar chur chuige scoláire-lárnach** i ndearadh eispéireas foghlama

- Eispéiris foghlama **scoláire-lárnacha a dhearadh** agus riachtanais na scoláirí i do chomhthéacs a mheas

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# Teicneolaíocht Fheidhmeach

EFG 2023/2024


Seisiún 3

CC BY NC

# Téamaí an lae inniu



**Cleachtas Athraitheach**



**Fócas ar an bhFoghlaim**

Oide

# Sa seisiún seo, déanfaimid...

Iniúchadh ar an gcaoi ar féidir **tuiscint uimhriúil** i rialú meicniúil a fheabhsú trí eispéiris phraiticiúla

Breithniú ar **dheiseanna chun tacú le scoláirí** smaoineamh a chur chun cinn ó **fhréamhshamhail go réiteach deiridh**

# Sonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí


An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sonraíocht do Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí


www.curriculumonline.ie

*Tá sé mar aidhm ag staidéar na Teicneolaíochta Feidhmí sa tsraith shóisearach:*

- *A chur ar chumas an scoláire an tuiscint choincheapúil, na scileanna disciplín agus an t-eolas ábhair a fhorbairt a theastaíonn chun fadhbanna fíorshaoil a imscrúdú agus a réiteach*

*Sonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí, lch 5*

# Oideachas ETIM - Plean Forfheidhmithe go dtí 2026




*Is í fís an Ráitis Bheartais d'oideachas ETIM:*

*beidh Éire aitheanta go hidirnáisiúnta mar*

*sheirbhís a chuireann taithí oideachais STEM den chaighdeán is airde ar fáil d'fhoghlaimeoirí a chothaíonn an fhiosracht, fiosrúchán, réiteach fadhbanna, cruthaitheacht, iompar eiticiúil, muinín agus diongbháilteacht, in éineacht leis an spreagadh den nuálaíocht chomhoibríoch.*

*Plean Forfheidhmithe Oideachais ETIM go dtí 2026, leathanach 4*

Oide

# Nóta Eolais CSS Márta 2023


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí, 2022

Nóta eolais faoi
scrúduithe na Sraithe Sóisearaí
i raon ábhar


Márta, 2023



*"Ba chóir do mhúinteoirí tacú le hiarrthóirí meicníochtaí comónta a aithint, a thuiscint agus a úsáid mar is cuí."*

*Nóta eolais faoi scrúduithe na Sraithe Sóisearaí i réimse ábhar, leathanach 39*

# Ócáid Mhachnamh Pearsanta



Conas a thacaíonn tú le scoláirí chun tuiscint níos fearr a bheith acu ar ríomhanna meicníochta?




*Trí eispéireas foghlama praiticiúil, déanaimis iniúchadh ar an gcaoi ar féidir le scoláirí tuiscint níos fearr a bheith acu ar ríomhanna meicníochta*

# Acmhainn Fhréamhshamhail Rialaithe

**Gníomhaíocht obair bheirte:**

Tóg amach d'acmhainn agus do chomhpháirteanna



# Gníomhaíocht Mhúinteora 1: Socraigh meicníocht ghiarshraith shimplí




1. Ag baint úsáid as scriúnna agus cnónna M4 x 50 cóimeáil na cosa
2. Ag baint úsáid as scriú, cnó agus sealán M4 x 30, cóimeáil giar 40T leis an mbonn
3. Ag baint úsáid as scriú, cnó agus sealán M4 x 30, ceangail an giar 20T le sliotán an bhoinn
4. Coigeartaigh suíomh an ghiair 20T ionas go mbeidh an dá ghiar comhghreamaithe le chéile

Oide

# Gníomhaíocht an Mhúinteora 1:








Pg. 8


Conas is féidir le scoláirí foghlaim faoi chóimheasa giair ar bhealach praiticiúil?

# Sainaithin agus Mínigh

## Príomhthéarmaí

- Giar
- Péire comhghreamaithe
- Tiománaí
- Tiomáinte
- Fiacla
- Gaolta rothlaithe
- Cóimheas giair
- Casmhóimint
- Buntáiste meicniúil
- imrothluithe sa nóiméad (ISN)

# Iniúch agus taifead




Pg. 9

Cum d'abairtí matamaiticiúla féin chun cur síos a dhéanamh ar an ngaol/na gaolta idir an Tiománaí agus an giar Tiomáinte

| | Fiacla ar Ghiar Tiomáinte | Fiacla ar Ghiar Tiománaí | |
|---|---|---|---|
|  | | | |

| Rothluithe Giar Tiománaí | Rothluithe Giar Tiomáinte | |
|---|---|---|
| | | |

Tiománaí

Tiomáinte

$$\text{Gear Ratio} = \frac{\text{teeth of driven gear}}{\text{teeth of driver gear}} = \frac{\text{rotations of driver gear}}{\text{rotations of driven gear}}$$

# Gníomhaíocht Mhúinteora 2: Cuir giar réchasta leis an meicníocht ghiarshraithe




Giar réchasta

1. Coigeartaigh suíomh an ghiair 40T agus 20T
2. Roghnaigh giar breise agus cuir é idir an giar 40T agus 20T
3. Coigeartaigh suíomh an ghiair 40T agus 20T ionas go mbeidh an dá ghiar comhghreamaithe leis an ngiar réchasta nua


Oide

# Gníomhaíocht an Mhúinteora 2:





Cén tionchar a bhíonn ag an ngiar réchasta ar an ngiar tiomáinte?




Pg. 10

Oide

# Sainaithin agus Mínigh

## Giar réchasta


- Cuirtear é idir an giar tiománaí agus an giar tiomáinte
- Úsáidtear é chun treo an ghiair thiomáinte a athrú
- Úsáidtear é chun bearna mhór a líonadh idir an tiománaí agus an giar tiomáinte
- NÍL aon difear aige ar an gcóimheas giair (Ní dhéanann sé difear do luas an aschuir)

# Aiseolas & Plé Grúpa

Conas a chabhraigh an taithí phraiticiúil leat tuiscint níos fearr a fháil ar oibriú giarshraith shimplí?

# Gníomhaíocht Mhúinteora 3: Córas raca agus pinniún a chur ar bun

Oide




1. Cliceáil Mótar SD agus ceangaltán isteach sa bhonn
2. Ag baint úsáid as scriúnna agus cnónna M4, cóimeáil an 2 threoraí don raca leis an mbonn
3. Cuir an raca idir na treoraithe agus ceangail pinniún gorm 40T leis an mótar


# Gníomhaíocht Mhúinteora 3:

Bealaí éagsúla chun tuiscint níos fearr a fháil ar an ngaol idir raca agus pinniún





Iniúch conas a d'fhoghlaimeodh scoláirí faoin achar a thaistealaíonn raca agus é á thiomáint ag pinniún




Pg. 11


# Aiseolas & Plé Grúpa

Oide



Conas is féidir le scoláirí foghlaim faoin achar a thaistealaíonn raca agus é á thiomáint ag pinniún?


# Ócáid Mhachnamh Pearsanta




Conas is féidir linn tacú le scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar ríomhanna meicníochta?

# Ag Bogadh Ar Aghaidh...

Déanaimis iniúchadh ar smaoineamh a chur chun cinn ó fhréamhshamhail go réiteach deiridh



Fréamhsha mhail



Réiteach deiridh:

# Ócáid Mhachnamh Pearsanta

Conas is féidir linn tacú le scoláirí smaoineamh rialaithe a chur chun cinn ó fhréamhshamhail go réiteach deiridh

# Smaoineamh a chur chun cinn ó fhréamhshamhail go réiteach deiridh



Colmán, Coláiste DLS Naomh Gearóid, Caisleán an Bharraigh




Coláiste DLS Naomh Gearóid, Caisleán an Bharraigh

# Coláiste DLS Naomh Gearóid


**Comhthéacs**


- Fócas ar an bhFoghlaim sa Dara Bliain
- Scoláirí ag fiosrú na riachtanas do chóras raca agus pinniún chun fadhb a réiteach



Colmán, Coláiste DLS Naomh Gearóid, Caisleán an Bharraigh

# Smaoineamh a chur chun cinn ó fhréamhshamhail go réiteach deiridh




Pg. 12

Cad iad na straitéisí a chabhródh le scoláirí dul chun cinn a dhéanamh ó fhréamhshamhail go réiteach deiridh?

Oide

# Aiseolas & Plé Grúpa



Cad iad na straitéisí a chabhródh le scoláirí dul chun cinn a dhéanamh ó fhréamhshamhail go réiteach deiridh?


# Sa seisiún seo, rinne muid ...

Iniúchadh ar an gcaoi ar féidir tuiscint uimhriúil i rialú meicniúil a fheabhsú trí eispéiris phraiticiúla


Breithniú ar dheiseanna chun tacú le scoláirí smaoineamh a chur chun cinn ó fhréamhshamhail go réiteach deiridh

Oide

# Téamaí an lae inniu



**Cleachtas Athraitheach**



**Fócas ar an bhFoghlaim**